Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir	10 (b ii)	2,567,943	(324,378)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach		1,035,791	(310,327)
Gnóthachan taithí/(caillteanas) SPSPS		(63,963)	6,562
Athruithe ar thiomhdí Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair		200,550	(25,717)
		136,587	(19,155)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha lomlán an Ioncaim/(Easnamh) Chuimsithigh don Bhliain	11 (b)	(136,587)	19,155
		1,084,190	139,658

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18.




David Hodnett
Leas-Choimisinéir
Dáta: 25 Aibreán 2023

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	€	2022 €	€	2021 €
Maoín, Trealamh Gléasra agus Bogearraí					
Maoín, Trealamh Gléasra agus Bogearraí	5		502,722		319,486
Sócmhainní Reatha					
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	6	37,541,446		12,753,257	
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	229,960		327,775	
		37,771,406		13,081,032	
Dlíteanais Reatha:					
Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna iníochta agus Fabhrúithe	8	(649,499)		(554,091)	
Cuntais Bhanna Airgid	6	(34,839,572)		(10,376,140)	
		(35,489,071)		(10,930,231)	
Glansócmhainní Reatha			2,282,335		2,150,801
Sócmhainní Iomlán Líide Dlíteanais Reatha			2,785,057		2,470,287
			2,785,057		2,470,287
Sochair Scoir					
Oibleagáidí sochair scoir	10(b i) 11(b)		(1,378,343)		(2,372,888)
Sócmhainn maoinithe maidir le sochar iarchurtha scoir (SPSPA)	11(b)		379,509		421,397
Glansócmhainní agus Dlíteanas Sochar Scoir san áireamh			1,786,223		518,796
Lena n-ionadaítear					
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			2,282,335		2,150,801
Cuntas Caipitil	9		502,722		319,486
Cúlchiste Sochar Scoir			(998,834)		(1,951,491)
			1,786,223		518,796

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18.



David Hodnett
Leas-Choimisinéir
Dáta: 25 Aibreán 2023


An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas faoi Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil amhail an 31 Nollaig 2022

	Ráiteas Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Cuntas Caipitil	Cúlchiste Sochar Scoir (Nóta 10)	Iomlán
Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2021	1,682,141	119,950	(1,622,489)	179,603
Barrachas Oibriúcháin	449,985			449,985
Gluaiseacht le linn na bliana		199,535		199,535
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach			(310,327)	(310,327)
Aistriú	18,675		(18,675)	-
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2021	2,150,801	319,485	(1,951,491)	518,796
Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2022	2,150,801	319,485	(1,951,491)	518,796
Barrachas Oibriúcháin	48,399			48,399
Gluaiseacht le linn na bliana		183,237		183,237
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach			1,035,791	1,035,791
Aistriú	83,134		(83,134)	-
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2022	2,282,335	502,722	(998,834)	1,786,223

Léiríonn an Cúlchiste Sochar Scoir an difríocht idir costas carnach na sochar scoir agus na suimeanna a íocadh go dtí seo. Léiríonn an t-aistriú i rith na bliana an difríocht idir costas iomlán na sochar scoir arna n-aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i rith na bliana agus an méid a íocadh i rith na bliana.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18.



David Hodnett
Leas-Choimisinéir
Dáta: 25 Aibreán 2023

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ar Ioncam agus Caiteachas		48,399	449,985
Difríocht idir Costais Sochair Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra		83,134	18,675
Dímheas & cailteanas ar dhiúscairtí	5	37,251	27,844
Ús Bainc agus muirir bhainc a íocadh		6,734	4,489
Amúchadh sócmhainn chaipitil		183,236	199,535
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltais	7	80,133	(99,916)
(Méadú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí	7	17,684	(31,540)
(Laghdú)/Méadú ar Iníochta	8	15,242	203,984
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhrúithe	8	80,165	11,720
(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		551,979	784,776
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús Bainc a Fuarthas		52	-
Ús Bainc agus Muirir Mhainc a Íocadh		(6,786)	(4,489)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil		(220,487)	(227,380)
Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		(227,221)	(231,869)
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Méadú (Laghdú) ar Chuntais Bhanna Airgid & CCT	6	24,463,432	(12,946,896)
Glanshreafaí Airgid a Soláthraíodh/(a úsáidtear i) ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		24,463,432	(12,946,896)
Glanmhéadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		24,788,190	(12,393,989)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar 1 Eanáir		12,753,257	25,147,245
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar 31 Nollaig		37,541,446	12,753,257

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a bunaíodh de bhun an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin muirir aerfoirt a rialú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ceadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil atá i mbun oibre in Éirinn, cur chun feidhme oibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht na hEorpa um chionroinnt sealanna, ceadúnú aeriompróirí Éireannacha agus ceadú soláthraithe seirbhíse ar an talamh. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a áirithiú go gcomhlíonfar cearta íosta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus bordáil dhiúltaithe, agus as a áirithiú go dtairgfear deiseanna do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta chun taisteal d'aer, deiseanna atá inchomparáide leo siúd a bhíonn ag saoránaigh eile.

b) Ráiteas Géilliúlachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 I gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA) agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis cuntasaíochta i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Cuireadh na Beartais Chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.

d) Aitheantas Ioncain

Tugtar ioncam ó Thobhach Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé. Tugtar ioncam ó tháilí ceadúnais de bhun iarratas ó lucht an ghnó taistil chun cuntais sa bhliain ina n-eisítear an ceadúnas. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe ag baint úsáid as modh an ghlanráta úis.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

e) Maoin, Gléasra, Trealamh, agus Bogearraí

Sonraítear réadmhaoin, gléasra, trealamh agus bogearraí ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra, trealamh agus bogearraí, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saolta úsáideacha measta, mar a leanas:

Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaireachta	20% in aghaidh na bliana
Forbairt Bogearraí	20% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a ré úsáideach. Is é tairseach chaipitlithe an Choimisiúin ná €1,500. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

f) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is foráil ar leith é soláthar fiacha amhrasacha, agus deimhnítear é nuair atá fianaise oibiachtúil nach mbeidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ábalta gach a bhfuil ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar chíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaol an léasa.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

h) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear Sochair Ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníochta sa Ráiteas um an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn an Coimisiún scéimeanna ranníocacha cistithe pinsean le sochair shainithe faoi Alt 20 agus Alt 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Cheadaigh an tAire Iompair agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéimeanna aoisliúntais an Choimisiúin i mí Mheitheamh 2015. Cuimsítear sa mhuirear sochar scoir sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus costas úis dhliteanais na scéime. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach i leith na bliana ina dtarlaíonn siad. Déantar sócmhainní na scéime sochar scoir a thomhas ar a luach cóir. Tomhastar dliteanais scéim sochair scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Má tá dliteanais na scéime níos mó ná sócmhainní na scéime, cuirfear sin i láthair ar an Ráiteas um an Staid Airgeadais mar dhliteanas.

Glacann gach fostaí nua, nach bhfuil ina s(h)eanbhall de scéim aoisliúntais seirbhíse poiblí, páirt sa Scéim Phinsin Státseirbhíse Aonair ó 1 Eanáir 2013. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad lúide ranníocaíochtaí pinsin foirne, a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear mar ioncam an méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála agus go ndéantar fritháireamh air trí dheontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc. Léirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn ó dhliteanais scéime, agus aithnítear coigeartú comhréire sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn na ráitis airgeadais, ar a luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí scoir an Choimisiúin agus aon chistiú a bhfuil baint acu leo, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina bhfuil siad tuillte ag na fostaithe. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

i) Bannaí na Trádála Taistil agus an Ciste Cosanta Taistealaithe

Rinneadh an fhreagracht as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riar de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, mar a leasaíodh, a aistriú ón Roinn Fiontar Poiblí (ag an am) chuig an gCoimisiún ar an lá a bunaíodh é, 27 Feabhra 2001.

Coinnítear airgead arna thaisceadh mar bhannaí airgid ag gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de bhun Alt 13 den Acht sin i gcuntais bhainc ar leith faoi rialú an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugtar cuntas ar na hiarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bhanna amhail an 31 Nollaig 2022 mar chreidiúnaithe.

Bunaíodh an Ciste Cosanta Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, le soláthar a dhéanamh d'aon ghannchion ar na bannaí taistil maidir le cailteanais nó dliteanais arna dtabhú ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas.

Is é an Coimisiún a riarann na cuntais bhanna agus an Ciste agus faigheann an Coimisiún a gcostais ar ais ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí Acht 1982. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do na cuntais bannaí ar a dtugtar agus don Chiste um Chosaint an Lucht Siúil agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu freisin.

j) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

k) Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta a dhéantar in airgeadraí coigríche agus a bhaineann le hioncaim agus le costais a aistriú ina euro ar na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar na dátaí ar a ndearnadh na hidirbhearta.

l) Breithiúnais agus Meastacháin Shuntasacha

Ní mór breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Áirítear leis na míreanna sna ráitis airgeadais ina ndearnadh na breithiúnais agus na meastacháin sin iad seo a leanas:

m) Oibleagáid um Shochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar bhoinn tuisceana na meastachán achtúireach dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treochothaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochar scoir agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus
- (iii) treochothaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá phríomhfhoinsé, ioncam ó thobhaigh agus ioncam ó tháillí ceadúnas don trádáil taistil.

Ioncam Tobhaigh

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugtar cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta i dtaobh rialacháin a dhéanamh lena bhforáiltear do thobhaigh a ghearradh. Is é is aidhm leis na Tobhaigh ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach. Féach ar Nóta 15.

Táillí Cheadúnais agus Ioncam Eile

Faoi Alt 12 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982 tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún ceadúnais a eisiúint agus táillí a ghearradh ar an Tionscal Trádála Taistil. Cuimsíonn ioncam eile baill foirne atá ar iasacht don ÚEÉ le haghaidh obair a bhaineann le cumasc (€276,505), Ioncam TPF (€24,165), ús taise faighte (€53) agus crosmhuirear chuig an Roinn Iompair as am foirne a chaitear ar a Scéim Gníomhairí Taistil (€1,952).

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

3. Caiteachas	2022	2021
Costas Foirne	1,841,730	1,722,632
Costas Sochar Scoir lena n-áirítear riarachán agus FRS adj	420,231	391,970
Comhairliúchán	1,181,925	416,114
Táillí Dílíthiúla	149,440	102,064
Cíos	298,500	289,400
Comhordú Sliotán	284,901	220,200
Costais Oibriúcháin:		
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí	20,956	30,134
Taisteal agus Cothabháil	12,167	708
Comhdhálacha	4,003	727
Oiliúint agus Earcaíocht	22,257	45,905
Táille Iniúchta	14,500	13,750
Táillí Coiste Iniúcháireachta & Riosca	8,395	8,395
Iniúchadh Inmheánach	19,637	25,449
Cothabháil ar an láithreán Gréasáin	26,636	21,716
Glanadh	17,442	14,967
Leictreachas	5,948	3,392
Cothabháil Oifige	5,557	5,314
Árachas	65,176	59,067
Páipéarachas Oifige	8,108	8,535
Postas agus Iompar	4,390	9,646
Fón	12,881	12,165
Dímheas & Cailteanas ar Dhiúscairtí	37,251	27,844
Muirear Seirbhíse	67,644	67,150
Rátaí	27,658	27,658
Costais Stórála	7,020	4,527
Táillí Riaracháin Gairmiúla	13,961	42,248
Tacaíocht TF Oifige	47,857	43,076
Bogearraí	36,168	29,771
Feistiú Oifige	4,291	763
Eile	28,667	49,497
Iomlán	4,695,297	3,694,783

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

4. Luach Saothair

(a) Sochair Fostaithe Comhiomlána

	2022	2021
	€	€
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	1,571,843	1,540,944
Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach	163,520	153,399
Foireann Gníomhaireachta	106,367	28,288
	1,841,730	1,722,632
Costais sochair scoir	420,231	391,970
	2,261,961	2,114,602

Ba é 23 líon iomlán na foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana (2021: 23).

(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2022	2021
	€	€
Bunphá	1,571,843	1,540,944
Ragobair	-	-
Liúntais	-	-
	1,571,843	1,540,944

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear ar an bpríomhbhainistíocht an Leas-Choimisinéir agus triúr bainisteoir (lena n-áirítear an Coimisinéir agus ceathrar bainisteoirí in 2021).

	2022	2021
	€	€
Tuarastal	512,232	642,840
Liúntais	-	-
Sochair foirceanta	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	512,232	642,840

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain. Is iad na príomhphearsanra bainistíochta ná baill de Scéim Pinsin an Choimisiúin nó baill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (ASC) a eascraíonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020) agus Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. RBA de €54,157 (2021: €60,594) ó thuarastail foirne agus íocadh é leis an Roinn Iompair le haghaidh 2022.

I rith 2022, baineadh asbhaintí bainteach le sochar scoir de €77,564 (2021: €76,491) ó bhaill foirne agus íocadh iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (SPSPA) agus Irish Life (Scéim pinsin CRE).

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

(d) Tuarastal agus Sochair an Choimisinéara

	2022	2021
	€	€
Bunphá	170,239	162,726
	170,239	162,726

Léiríonn figiúr 2021 tuarastal an Choimisinéara go dtí gur fhág sí i mí Dheireadh Fómhair 2021. Léiríonn figiúr 2022 tuarastal bliana iomlán an Leas-Choimisinéara atá ag gníomhú in ionad an Choimisinéara. Tá an Coimisinéir ina bhall de scéim aoisliúntais CAR. Ní théann a dteidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí. Ní chléadaítear sa mhéid thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain.

5. Maoin, Trealamh Gléasra agus Bogearraí

	Trealamh Oifige	Trosacán agus Feistis	Trealamh Ríomhaireachta	Bogearraí	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas ag tús na bliana	4,738	103,976	163,586	184,500	456,800
Breisithe sa bhliain	-	2,817	967	216,704	220,487
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-	-
Ag deireadh na bliana	4,738	106,793	164,553	401,204	677,287
Dímheas carntha ag tús na bliana	790	91,010	45,512	-	137,312
Muirear don bhliain	474	4,026	32,751	-	37,251
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-	-
Ag deireadh na bliana	1,264	95,036	78,263	-	174,565
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2021	3,948	12,966	118,074	184,500	319,486
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2022	3,474	11,757	86,290	401,204	502,722

Nóta: ní raibh na bogearraí a bhí á bhforbairt á n-úsáid ar an 31 Nollaig 2022 agus níl aon dímheas gearrtha orthu dá bharr.

6. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

	2022	2021
	€	€
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna na Trádála Taistil	34,806,242	9,250,828
Cuntas Bainc – An Ciste Cosanta Taistealaithe	33,330	1,149,307
	34,839,572	10,400,135
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CRE	289,491	338,330
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce Phrapéilimh an CRE	1,518,737	18,178
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce Phrapéilimh an CRE	893,529	995,994
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce Phrapéilimh an CRE	-	1,000,507
Mionairgead	117	113
	37,541,446	12,753,257
Athmhuintearas Meamram 2021 (nóta: níl aon mhíreanna réitigh ann in 2022):		
Iarmhéid Cuntais Bainc Banna		10,400,135
Lúide Sonraisc in 2022 íochta in 2021		(23,995)
Dliteanas Cuntais Bainc Banna		10,376,140

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

Is suimeanna airgid iad Cuntais Bhanna na Trádála Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus is féidir úsáid a bhaint astu i gcás loicthe ag Tionscnóirí Turas nó ag Gníomhairí Taistil gaolmhara. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche rud ar bith eile. Cuirtear an t-airgead seo ar ais chuig an Soláthraí Bannaí mura bhfuil gá leis. Dá bhrí sin, léirítear an dliteanas comhfhreagrach mar Chreidiúnaí: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin.

		2022	2021		
		€	€		
7.	Infháltais agus Réamhíocaíochtaí atá dlite laistigh de bhliain amháin				
	Infháltas	132,798	212,930		
	Réamhíocaíochtaí	97,162	114,845		
		229,960	327,775		
8.	Méideanna Iníochta agus Fabhruithe atá dlite laistigh de bhliain amháin				
	Fabhruithe	85,003	43,831		
	Méideanna Iníochta – Táillí Sainchomhairleachta	279,261	240,268		
	- Coimisinéirí Ioncaim ÍMAT/ÁSPC	48,673	46,835		
	- Coimisinéirí Ioncaim CBL	16,799	2,451		
	- Coimisinéirí Ioncaim PSWT	27,271	17,697		
	- Eile	192,492	203,009		
		649,499	554,091		
9.	Cuntas Caipitil				
	larmhéid ar an 1 Eanáir				
	Aistriú (go)/ón gCuntas i dtaobh Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais		319,486		119,950
	Méid a réadaíodh nuair a diúscaíodh maoin, gléasra agus trealamh	-		-	
	Cistí a leithdháileadh chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	220,487		227,380	
	Méid amúchta de réir dímheas sócmhainní	(37,251)		(27,844)	
	Glanmhéid le haistriú		183,236		199,536
	larmhéid ar an 31 Nollaig	502,722	502,722		319,486

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

10. Sochair Scoir	2022	2021
a) Costais Sochar Scoir	€	€
Costas seirbhíse reatha	254,000	258,000
Glanchoistas Úis	30,393	17,396
Lúide Ranníocaíochtaí Fostaithe	<u>(35,934)</u>	<u>(45,395)</u>
	248,459	230,001
Táillí riaracháin agus achtúireacha	<u>57,481</u>	<u>69,641</u>
Muirear Oibriúcháin Iomláin	305,940	299,642
b i) Glandliteanas sochar scoir		
Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe	6,271,694	8,253,269
Luach cóir shócmhainní scéime	<u>5,272,860</u>	<u>6,301,778</u>
Glandliteanas (sócmhainn)	<u>998,834</u>	<u>1,951,491</u>
b ii) Luach reatha d'oibleagáidí scéime ag Tús na bliana	8,253,269	5,707,572
Costas seirbhíse reatha	254,000	258,000
Costas úis	125,704	58,365
Cailiteanais/(Gnóthachain) ó thaithí	303,228	730,929
Athruithe ar Bhoinn Tuisceana	(2,567,943)	324,378
Cailiteanais/(Gnóthachain) ó Sheirbhísí Roimhe Seo	-	-
Aistriú Isteach	-	1,407,011
Prémheanna a íocadh	-	-
Sochair a íocadh	<u>(96,564)</u>	<u>(232,986)</u>
Luach reatha oibleagáidí na scéime ag deireadh na bliana	6,271,694	8,253,269
b iii) Athrú ar shócmhainní na scéime		
Luach cothrom shócmhainní na scéime ag tús na bliana	6,301,778	4,085,083
Aisíoc Ionchais	95,311	40,969
Toradh Iarbhír lúide ioncam úis	(1,228,924)	744,980
Socraíochtaí	-	-
Ranníocaíochtaí Fostaithe	35,934	45,395
Ranníocaíochtaí Fostóra	165,325	211,326
Sócmhainní a fuarthas	-	1,407,011
Prémheanna a íocadh	-	-
Sochair a íocadh	<u>(96,564)</u>	<u>(232,986)</u>
Luach cothrom shócmhainní na scéime ag deireadh na bliana	5,272,860	6,301,778
(b iv) Ús Glan ar dhliteanais na scéime pinsin		
Costas úis na ndliteanas	(125,704)	(58,365)
Gnóthachan úis ar shócmhainní	95,311	40,969
Glan-ús ar dhliteanais scéime pinsin	<u>(30,393)</u>	<u>(17,396)</u>

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

Agus an oibleagáid maidir le sochair shainithe á tomhas, cuirtear san áireamh an cleachtas reatha um shochair scoir a mhéadú de réir bhoilsciú praghsanna.

c) Cur síos ar an scéim agus ar bhoinn tuisceana achtúireacha

Socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an scéim sochair scoir le sochair sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha “eiseamláireacha” scéim na hearnála poiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóirí ag féachaint do chomhairle achtúireach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an chomhalta. Is iondúil go méadaíonn sochair scoir arna n-íoc (agus iad siúd atá curtha siar) ag teacht le boilsciú praghsanna.

Ba iad na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh ná:

	2022	2021
Ráta lascaine	3.6%	1.5%
Méaduithe ar thuarastail	3.15%	2.3%
Ráta Méadaithe Pinsin	2.65%	2.2%
Méaduithe ar bhoilsciú	2.65%	2.2%

Socraítear toimhdí maidir le taithí básmhaireachta sa todhchaí bunaithe ar tháblaí básmhaireachta foilsithe (PML002/PFL00) a ullmhaíonn an Biúró um Imscrúdú Básmhaireachta Leanúnach don ghairm achtúireach. Tá na boinn tuisceana mortlaíochta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn gnáth-mhortlaíocht pinsinéirí agus ceadaíonn siad ionchas saoil méadaithe le himeacht ama.

Léirítear thíos an meán-ionchas saoil, i mblianta, ag pinsinéir a théann ar scor ag aoiseanna áirithe:

Aois Reatha	Ionchas Saoil Fir ag 65	Ionchas Saoil Mná ag 65
45	24.4 bliana	26.5 bliana
65	21.9 bliana	24.4 bliana

Bhí sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana comhdhéanta de:

	2022	2021
Cothromais	2,543,650	4,214,041
Bannaí	1,731,898	737,440
Eile	941,333	1,293,410
Airgid Tirim	55,979	56,887
Luach Margaidh Sócmhainní	5,272,860	6,301,778
Aisíoc Ionchais	3.6%	1.4%

Agus an ráta fadtéarmach ionchais ar thiomhde sócmhainní á fhorbairt, tugtar aird ar an leibhéal reatha fáltas ionchais ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí sócmhainní eile ina n-infheistítear an phunann agus na hionchais maidir le fáltas todhchaí gach aicme sócmhainní. Déantar an fáltas ionchasach do gach aicme sócmhainní a ualú ansin bunaithe ar an sprioc-chionroinnt sócmhainní chun an ráta fadtéarmach ionchais ar thiomhde sócmhainní a fhorbairt don phunann.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

d) Stair oibleagáidí um shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus cailteanas ó thaithí

	2022	2021	2020	2019
	€	€	€	€
Oibleagáid sochair shainithe	6,271,694	8,253,269	5,707,572	4,913,344
Luach cóir shócmhainní scéime	<u>5,272,860</u>	<u>6,301,778</u>	<u>4,085,083</u>	<u>3,758,437</u>
Easnamh don scéim mhaoinithe	<u>998,834</u>	<u>1,954,491</u>	<u>1,622,489</u>	<u>1,154,907</u>
(Gnóthachain)/cailteanais ar dhliteanais scéime ó thaithí	303,228	730,929	16,841	1,832
Céatadán na ndliteanas scéime	4.8%	8.9%	0.3%	0.04%

e) Cistiú na sochar scoir

Tá súil ag an gCoimisiún €224,777 a íoc isteach sa scéim sochar scoir in 2023.

f) Tá an fhaisnéis ar shochair scoir curtha i láthair ag teacht leis na ceanglais nocht a cheanglaítear faoi FRS 102. Ba é an 26^ú Eanáir 2023 an dáta ar an tuarascáil luachála achtúireach is déanaí maidir leis an mbliain dar críoch 31^ú Nollaig 2022.

11. Sochair Scoir-Baill SPSPA

a) Costais Sochar Scoir

	2022	2021
	€	€
Costas seirbhíse reatha	88,378	72,585
Glanchoistas Úis	6,321	3,623
Lúide Ranníocaíochtaí Fostaithe	<u>(41,679)</u>	<u>(30,776)</u>
	53,020	45,432
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha	<u>(53,020)</u>	<u>(45,432)</u>
Ranníocaíocht an Fhostóra	114,291	92,328
Muirear Oibriúcháin Iomláin	<u>114,291</u>	<u>92,328</u>

b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Sochar Scoir le linn na bliana airgeadais

Glandliteanas amhail an 1 Eanáir	421,397	326,034
Costas seirbhíse reatha	88,378	72,585
Costais úis	6,321	3,623
Cailteanas /(gnóthachan) achtúireach	<u>(136,587)</u>	<u>19,155</u>
Sochar scoir a íocadh sa bhliain	-	-
Luach Dúnta	<u>379,509</u>	<u>421,397</u>

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

c) Maoiniú Sochar Scoir Iarchurtha

Feidhmíonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chomhaltáí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Leasú (DPER). Aithníonn an Coimisiún sócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh Scoir Sochair ar bhonn fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

Aithnítear an Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Ba é €379,509 luach iomlán na sócmhainne cistithe iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €421,397).

d) Cur síos ar an Scéim agus ar Bhoinn Tuisceana Achtúireacha

Foráiltear leis an Scéim Aonair do phinsean agus chnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin na meánghairme, agus pinsin do chéilí agus do pháistí. Is í an íosaois pinsin ná 66 bliain (agus é ag dul in airde de réir athruithe ar aois phinsin an Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir arna laghdú go hachtúireach ó 55 bliain d'aois. Pinsin a bhfuil a n-íocaíocht á méadú i gcomhréir le praghasinnéacs na dtomhaltóirí. Tá na toimhdí airgeadais ábhartha leagtha amach i nóta 10(d) thuas.

12. Ceangaltais Chaipitil agus Ceangaltais Eile

Tá gealltanais chaipitil de €740,000 ag an gCoimisiún maidir le digitiú na gcóras Trádála Taistil, Cearta Aerphaisinéirí agus Aercheadúnaithe agus Láimhseála ar an Talamh atá ar bun ag an dáta tuairiscithe. Níl ceangaltais ar bith eile amhail an dáta tuairiscithe.

13. Ceangaltais maidir le Léas Oibriúcháin

Sa tábla thíos tugtar na ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin le cíós a íoc le linn na bliana i ndiaidh bhliain na Ráiteas Airgeadais seo, agus tá anailís déanta orthu de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

Cuimsíonn na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin

Talamh agus foirgnimh	2022	2021
Dul in éag laistigh de bhliain amháin	298,500	298,500
Dul in éag i ndiaidh bliana ach tráth nach faide ná 5 bliana	746,250	1,044,750
Dul in éag ina dhiaidh sin	-	-

Tá an léasacht ar an 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. Rachaidh an léas in éag ar 30^ú Meitheamh 2026. Tá an cíós iníoctha in aghaidh gach ráithe roimh ré. Ba é €298,500 an méid a íocadh as an léas in 2022.

14. Barrachas/(Easnamh)

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh a fhorálann do Thobhach a ghearradh. Is é cuspóir an Tobhaigh costais agus speansais an Choimisiúin a íoc. Tugtar barrachas/(easnamh) ar bith i mbliain amháin ar bith ar aghaidh agus tugtar san áireamh é agus tobhaigh á socrú ina dhiaidh sin. Foráladh do Thobhach 2022 trí Ionstraim Reachtúil 681/2021 de Rialacháin an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001, (Tobhach Uimh. 22) 2021.

15. Dearbhú Leasanna-Coimisinéir agus Foireann

Chomhlíon an Leas-Choimisinéir agus an fhoireann ceanglais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin a raibh leas ar bith ag an Leas-Choimisinéir iontu.

16. Athstruchtúrú

I mí Mheán Fómhair 2017, d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ráiteas Beartais maidir le Táillí Aerfoirt. Leagtar amach sa Ráiteas Polasaí seo beartas athbhreithnithe an Rialtais maidir leis an gcaoi a rialaítear muirir aerfoirt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa doiciméad sin, tá sé beartaithe go ndéanfar feidhmeanna rialála agus sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann a chumasc le feidhmeanna rialála agus cosanta tomhaltóirí an Choimisiúin. Achtaíodh an tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022 a dhéanann foráil don chumasc seo i mí na Nollag 2022. Díscaoilfear an Coimisiún go foirmiúil mar thoradh ar an gcumasc. Teastóidh Ordú ón Aire faoi Acht 2022 leis an lánscor seo. Táthar ag súil leis seo sa dara ráithe de 2023.

17. Imeachtaí tar éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Ar dháta an chumaisc leis an ÚEÉ, díscaoilfear an Coimisiún. Mar sin féin, toisc go n-aistrefar sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin chuig an IAA, meastar gur cuí tuairisciú ar bhonn gnóthais leantaigh.

18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisinéir Gníomhach na ráitis airgeadais seo an 25 Aibreán 2023.